

Árais Máithreacha agus Naíonán

Aonad 3

Gníomhaíocht 4

Lá a chuir máithreacha isteach: Sleachta as cuimhní cinn Julia Carter

B'éigean do na mná ticéad iontrála a bheith acu ón dochtúir le dul isteach. ...nuair a bhí siad ann bheadh orthu fanacht ar feadh bliana [san áras] le haire a thabhairt dá mbabáí.

D'éalaigh cailín amháin, chuaigh sí amach, ach thug na Gardaí ar ais arís í an oíche chéanna.

Ní raibh na geataí faoi ghlas riamh óir bhí veaineanna aráin agus cairteacha bainne ag teacht isteach i gcónaí. Bhí na daoine go léir a tháinig le seachadtaí go deas. Ba mhinic a thabharfadh an veain aráin cáca do na cailíní féin.

...'beairic fuar mar áit a bhí ann, bhí siad préachta, ní raibh teas, cairdiúlacht, ná compord ann. D'fheicteá na mná thart ar an sorn á ngoradh sula ndeachaigh siad a chodladh. Ní raibh sé seascair ar chor ar bith, gan aon phróca uisce te [buidéal].

D'éirigh muid thart ar 6r.n.

Thugadh na máithreacha, ar chodail a bpáiste taobh leo, síos chuig an Naíonra iad. Chodlaíodh na babaithe leis na máithreacha nuair a bhídís thart ar naoi nó deich lá d'aois.

Bhí an tAifreann ar siúl ar 8r.n. Bhí bricfeasta ann tar éis Aifrinn. Coinníodh súil ghéar orthu siúd a bhí ag fáil comaoineach. Bhrúdh as na suanleasa iad le gabháil chuig an Aifreann.

Bhí séiplíneach ann a bhí ina rúnaí ag Ardeaspag Thuama agus dúirt sé Aifreann san áras gach maidin le sagairt ó pharóiste Thuama ag teacht isteach gach seachtain chun faoistíní a chloisteáil, léacht a thabhairt agus páistí a bhaisteadh óir bhí umar baiste san áras. Thug na máithreacha cuairt ar an tSacraimint Bheannaithe gach lá agus rinneadh an phaidrín á aithris go laethúil freisin.

Leite, bainne, tae agus arán — tráidirí aráin, a bhí sa bhricfeasta. Ansin chuamar chun na babaithe a chothú.

Cuireadh brú ar mháithreacha beathú cíche a thabhairt dá mbabaithe. Mura dtabharfaí beathú cíche do na babaithe, chaithfí buidéil a dhéanamh suas agus a steiriliú. Ba bheag nár thug sí [an Mháthair-Uachtarán] ocras don leanbh le go dtabharfadh an mháthair beathú cíche dóibh. B'éigean don dochtúir a dheimhniú nach bhféadfadh an mháthair beathú cíche a thabhairt sular tugadh buidéil.

Ansin chuaigh na máithreacha go dtí an níochán chun clúidíní na mbabaithe a ní. Bhí ar gach máthair cuntas a thabhairt ar a clúidín féin. Bhí cúngach ag gach máthair dá níochán féin. Bhí folcadán mór fuar taobh amuigh den níochán chun 'tuar' an bhabaí a bhaint den chlúidín (réamh-níochán), agus ansin nití sa níochán é.

Chuir an Comhairle Contae meaisíní níos álainn mhóra isteach... agus fáisceán agus rud mór le haghaidh uisce te sna blianta ina dhiaidh sin. Sna blianta roimhe sin ní raibh ann ach cláir níos álainn agus doirtil.

Is é a bhí mar ról ag roinnt ban na páistí a ghléasadh ar maidin agus iad a thabhairt síos an staighre.

Ar maidin thógaidís na 'mackintoshes' [braillíní plaisteacha] de na leapacha, ansin ghlanaidís agus thriomaídiís ach iad a chrochadh ar an sean-staighre iarainn. Ansin ag 5 i.n. chuirfidís ar ais ar na leapacha iad.

Théidís chuig a bpoist ansin ... dul amach [ar] an talamh ag tochailt, nó chuig an gcistin, cúlchistin, seomra bia, suanlios na bpáistí, ag ní agus ag snasú agus ag glanadh, obair leadránach.

Níor cháin na mná rialta san áras na mná mar pheacaigh, níor cháin ar chóir ar bith.

Má tháinig na cailíní isteach agus iad óg, ní raibh cead acu a gcuid scolaíochta a chríochnú.

Níor labhair na máithreacha lena chéile ach faoi aithreacha a bpáistí. B'fhuath leo aghaidh a thabhairt ar a mbaile féin. Dhéanfaidís na buachaillí a bhí cairdiúil leo ar an taobh amuigh neamhaird orthu anois. Is iomaí cailín a shíl deora — áit uafásach ghruama.

Thiocfadh corrfhear isteach agus thógfadh sí an cailín amach agus phósfadh í. Is cuimhin liom cás amháin inar tháinig na tuismitheoirí agus an sagart agus an fear isteach agus dúirt sé go bpósfadh sé an cailín, chuaigh sé síos ar a ghlúine, ach ní thógfadh sé an páiste óir nach páiste s'aige a bhí ann.

Bhí saol an-chrua acu, ní raibh sólás ann, níor tugadh comhairle dóibh, ní raibh aon ghrá ann dóibh. Bhí orthu an t-am a chur isteach go díreach, ag comhaireamh na laethanta agus na seachtainí go dtí go mbeidís saor le himeacht.

Bhí tréimhsí gruama ann, ní raibh sé gruama i gcónaí, ach seanáit ghruama a bhí ann. Tá a fhios agat, bhí sé rompu i gcónaí [na máithreacha], thuig siad go raibh orthu scaradh lena bpáiste, mar a bheadh an Mhaighdean Mhuire ann ag fanacht le céasadh Chríost.

Ní raibh siad in ann aon todhchaí a fheiceáil sa pháiste sin, go díreach an bhliain a bhí siad ann. Is cuimhin liom go raibh páiste gleoite ag bean, agus nuair a tháinig sí ar ais (is beag duine de na máithreacha a tháinig) bhí sí croíbhriste nuair a chonaic sí gur tháinig meath ar shláinte an pháiste óir bhí sé i ngreim ag an uaigneas.

Ní tharraingeodh aon duine de na máithreacha achrann, dá ndéanfaidís, bhí a fhios acu go gcuirfeadh isteach sa Neachtlan Mhaigdiléanach iad, ghearrfaí pionós orthu.

Thagadh na tuismitheoirí ar ais go dtí an t-áras chun an bhean a thabhairt amach tar éis a téarma bliana a bheith caite, bíodh sé chun iad a chur ar an traein nó ná bíodh, agus d'fhaigheadh na mná rialta post d'aon duine eile nach raibh aon duine acu chun bualadh leo.

In amanna, thagadh daoine as Tuaim ag lorg cailín aimsire.